**Measúnú agus plean gníomhaíochta Dhualgas na hEarnála Poiblí**

Ceanglaítear le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 ar chomhlachtaí poiblí measúnú sonrach a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna agus a chuspóra. Cuireann an t-alt, ar a dtugtar freisin 'Dualgas na hEarnála Poiblí', oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna, chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus caitheamh go cóir leis an bhfoireann agus le daoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus cearta daonna na foirne agus úsáideoirí seirbhísí a chosaint.

Deirtear in Alt 42:

Féachfaidh comhlacht Poiblí, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, don ghá atá le:

a) deireadh a chur le hidirdhealú,
b) comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus caitheamh go cóir lena fhoireann agus le daoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh, agus
c) cearta daonna a mbaill, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Leagtar amach ann freisin trí phríomhchéim atá le tabhairt ag comhlachtaí poiblí:

1) leagan amach ar bhealach atá so-thuigthe don phobal ina phlean straitéiseach (cibé cur síos a dhéantar air) measúnú ar na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a chreideann sé a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus cuspóir an chomhlachta agus do na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus
2) tuairisciú a dhéanamh ar bhealach atá so-thuigthe ag an bpobal maidir le forbairtí agus éachtaí ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil (cibé cur síos a dhéantar uirthi).

Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) tiomanta a chinntiú go bhfuil cultúr measa ar chearta an duine agus ar chomhionannas i measc ár bhfoirne, d'fhoirne i gcomhlachtaí poiblí a ndéanaimid teagmháil leo agus don phobal.

**Measúnú ar shaincheisteanna cearta daonna agus comhionannais**

Rinneadh suirbhé i 2022 chun na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais nó na rioscaí a bhaineann leis an Oifig a shainaithint. Toisc nach comhlacht poiblí í an Oifig, díríodh an measúnú ar fhoireann na hOifige .

I measc na saincheisteanna nó na rioscaí a aithníodh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cearta an duine agus comhionannais bhí:

- an gá le feasacht a ardú faoi oibleagáidí um Chearta an Duine agus Comhionannas laistigh den Oifig, lena n-áirítear feasacht ar bheartais agus nósanna imeachta ábhartha atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn
- an gá le feasacht a ardú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas laistigh den Oifig
- ba chóir oiliúint a chur ar fáil, ba chóir béim a leagan uirthi, agus ba chóir ugach a thabhairt don fhoireann ar fad tabhairt fúithi
- riosca go bhféadfadh idirdhealú a bheith ann
- an gá le feasacht a ardú ar shaincheisteanna LGBTI+ agus feasacht a mhéadú do bhaill fhoirne atá faoi mhíchumas, mar shampla cé leis ar féidir leis an bhfoireann teagmháil a dhéanamh.

Rinneadh measúnú breise in 2024 chun a fháil amach an raibh ardú tagtha ar leibhéil fheasachta ar oibleagáidí ar chearta an duine agus comhionannais agus ar Dhualgas na hEarnála Poiblí laistigh den Oifig agus chun a fháil amach an raibh aon saincheisteanna nó rioscaí breise maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhraith an fhoireann a bheith ábhartha don Oifig. I measc na saincheisteanna a aithníodh i measúnú 2024 bhí:

- an gá le leibhéal feasachta Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus Dhualgas na hEarnála Poiblí a fheabhsú
- riosca go bhféadfadh idirdhealú nó claonadh a bheith ann, mar shampla i dtaca le hardú céime, earcaíocht nó sannadh foirne
- an gá le feasacht a mhéadú ar bheartais inmheánacha maidir le cearta an duine agus comhionannas agus na bealaí chun imní a thuairisciú.

**Beartais, nósanna imeachta agus tionscnaimh na hOifige**

Tá roinnt beartas, nósanna imeachta agus tionscnamh i bhfeidhm faoi láthair chun tacú le saincheisteanna cearta an duine agus comhionannais agus rioscaí a bhaineann le cuspóir agus feidhm na hoifige.

*Ráiteas Éagsúlachta agus Cuimsithe*

Tá ráiteas éagsúlachta agus cuimsithe foilsithe ag an Oifig ar a suíomh gréasáin. Tá an Oifig tiomanta do thimpeallacht dhearfach san ionad oibre a chothabháil ina mbraitheann gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad páirteach agus cuimsithe san Oifig. Tá sé mar aidhm ag an Oifig atmaisféar comhionannais, dínite agus measa a chruthú don fhoireann ar fad agus timpeallacht atá saor ó idirdhealú d'aon chineál a chur chun cinn. Díríonn iarrachtaí éagsúlachta, comhionannais agus cuimsithe na hOifige ar chultúr a fhorbairt tuilleadh ina spreagtar gach fostaí a gcuid smaointe, buanna agus paisin a roinnt.

*Earcaíocht agus Ardú Céime*

Tugtar faoi ghníomhaíochtaí earcaíochta agus ardú céime na hOifige de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus an chóid cleachtais arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Feidhmíonn an Oifig faoi chreat beartas agus nósanna imeachta na státseirbhíse, lena n-áirítear gach ceanglas reachtach maidir le reachtaíocht comhionannais, míchumais agus chearta an duine.

*Folláine*

Tá an Oifig tiomanta do roinnt tionscnamh folláine a reáchtáil agus tacaíocht agus acmhainní a sholáthar don fhoireann chun aire a thabhairt dá sláinte agus da bhfolláine féin. Chuir an Oifig Wellhub ar fáil freisin chun tacú le folláine fhisiciúil, mhothúchánach agus mheabhrach a bhfoirne. Seoladh clár Sláinte agus Folláine le féilire imeachtaí in 2023 agus déantar é a nuashonrú bliantúil.

*Beartais, ráitis agus grúpaí oibre*

Tá roinnt beartas, nósanna imeachta agus grúpaí oibre a dhíríonn ar na réimsí éagsúlachta, comhionannais agus cearta daonna. Ina measc tá:

- Ráiteas Éagsúlachta
- Polasaí labhairt amach
- Polasaí maidir le Dínit san ionad oibre
- Polasaí maidir le hobair chumaisc
- Polasaí maidir le huainíocht foirne
- Bród **-** LGBTI+ líonra fostaithe agus comhghuaillithe
- Fóram folláine foirne

*Rochtain*

Aithníonn an Oifig an tábhacht a bhaineann le rochtain, éagsúlacht agus cuimsitheacht na ndaoine sin ar mian leo rochtain a fháil ar ár suíomh gréasáin. In 2020, shuiteáil an Oifig bogearraí inrochtaineachta ar ár suíomh gréasáin a ligeann do raon níos leithne daoine rochtain a fháil ar ábhar ár suímh ghréasáin ar bhealach a gcuireann a riachtanais agus a gcumas aonair san áireamh. Soláthraíonn na bogearraí feidhmiúlacht téacs go teanga, gnéithe stíle atá go hiomlán inoiriúnaithe, áiseanna tacaíochta léitheoireachta agus uirlis aistriúcháin le breis agus 100 teanga, lena n-áirítear 35 guth téacs go teanga agus go leor gnéithe eile. Cinntíonn an Oifig go bhfógraítear gach folúntas ar shuíomh gréasáin na hOifige.

*Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas*

Tá oifigeach idirchaidrimh do dhaoine faoi mhíchumas sannta ag an Oifig chun gníomhú mar phointe teagmhála agus chun faisnéis agus cúnamh a sholáthar, de réir mar is gá, do bhaill fhoirne faoi mhíchumas agus dá maoirseoirí. Oibríonn an t-oifigeach idirchaidrimh do dhaoine faoi mhíchumas i gcomhar le haonaid eile de chuid na hOifige chun áiseanna míchumais a aimsiú agus a sholáthar de réir mar a mheastar is gá.

*Bród*

Bhunaigh foireann na hOifige grúpa fostaithe agus comhghuaillí LGBTI+ de chuid na hOifige ar a dtugtar Bród. Bunaíodh an grúpa chun tacaíocht a thabhairt dár gcomhghleacaithe agus dár gcomhghuaillithe LGBTI+, agus chun cultúr méadaitheach agus éagsúil na hOifige a chothú. Is é an aidhm atá leis ná cur le cultúr agus le timpeallacht na hOifige trí chur leis na cláir fholláine agus cúnaimh d'fhostaithe atá i bhfeidhm faoi láthair agus oibriú le líonraí fostaithe eile idirnáisiúnta náisiúnta sibhialta agus poiblí LGBTI+.

**Plean Gníomhaíochta 2024 – 2026**

De bhreis ar na beartais, nósanna imeachta agus tionscnaimh reatha, d'fhorbair an Oifig plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus rioscaí a aithníodh i measúnuithe 2022 agus 2024 ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhionannais.

| Measúnú | Gníomh riachtanach | Fráma ama le cur i bhfeidhm | Nuashonraigh |
|---|---|---|---|
| An gá le feasacht a ardú faoi oibleagáidí um Chearta an Duine agus Comhionannas laistigh den Oifig, lena n-áirítear feasacht ar bheartais agus nósanna imeachta ábhartha atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn | • A chinntiú go gcuirtear béim leanúnach ar na tacaíochtaí reatha atá ar fáil san oifig a chabhraíonn le dul i ngleic le saincheisteanna cearta an duine agus comhionannais, mar shampla ar inlíon na hOifige nó tríd an gclár folláine. Go háirithe, béim a chur ar na tacaíochtaí seo do bhaill fhoirne nua agus iad ag dul tríd an bpróiseas ionduchtaithe.<br>• Suirbhé foirne a dhéanamh go bliantúil chun athruithe ar leibhéal na feasachta a mheas agus chun aon saincheisteanna féideartha nua a aithint. | Go Bliantúil | • Tá eolas faoi na tacaíochtaí reatha atá ar fáil san Oifig ar fáil go héasca agus inrochtana ar an inlíon. Eolas faoi Alt 42 san áireamh mar chuid den ionduchtú arna sholáthar ag AD.<br>• Tugann an suirbhé bliantúil cultúir aiseolas ar éagsúlacht, ar chuimsiú agus ar chultúr eagraíochtúil. Déantar suirbhé gach dhá bhliain chun feasacht agus tuiscint fostaithe ar dhualgas na hearnála poiblí a thomhas. |
| An gá le feasacht a ardú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas laistigh den Oifig | Cainteoir(í) ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a eagrú chun caint a thabhairt don fhoireann faoin obair a dhéanann siad agus eolas a sholáthar ar Dualgas na hEarnála Poiblí. | B2 | • Cuirtear oiliúint ar fáil do gach ball foirne le linn na hoiliúna ionduchtaithe agus do phainéil agallaimh. Déantar cúrsa OneLearning ar Chomhionannas & Cearta Daonna sa tSeirbhís Phoiblí a fhógairt do bhaill foirne go tréimhsiúil. Fuair an Oifig scóir arda ina suirbhé bliantúil cultúir a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú. Mar gheall ar na tosca seo níor measadh go raibh gá le cainteoir. Déanfar athbhreithniú air seo i ndiaidh shuirbhé 2026. |
| Ba chóir oiliúint a chur ar fáil, ba chóir béim a leagan uirthi, agus ba chóir ugach a thabhairt don fhoireann ar fad tabhairt fúithi | • Aird na foirne a tharraingt ar an gcúrsa ríomhfhoghlama atá ar fáil trí OneLearning: *Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí*.<br>• Téigh i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le hoiliúint bhreise a cheapann | Go Bliantúil | • Fógraíodh cúrsa OneLearning ar Chomhionannas & Cearta Daonna sa tSeirbhís Phoiblí ar an inlíon in 2024 agus 2026.<br>• Déantar suirbhé gach dhá bhliain chun feasacht agus tuiscint fostaithe ar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | siad atá riachtanach. | | dhualgas na hearnála poiblí a thomhas agus áirítear ceisteanna maidir le hoiliúint ann. |
| Riosca go bhféadfadh idirdhealú nó claonadh a bheith ann, mar shampla i dtaca le hardú céime, earcaíocht nó sannadh foirne | • Meabhraigh don fhoireann go bliantúil na modhanna atá ar fáil dóibh chun aon saincheisteanna a bhfuil imní orthu fúthu a thuairisciú.<br>• Meabhraigh don fhoireann go bliantúil na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú leis an bhfoireann le haon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn.<br>• Oiliúint a chur ar fáil do bhaill an phainéil agallaimh maidir le saincheisteanna chearta an duine agus comhionannais agus an riosca idirdhealaithe nó claonta i measúnú iarrthóirí. | Go Bliantúil<br><br>B1 | • Tá eolas ar fáil go héasca ar an inlíon. Cuirtear ailt mheabhrúcháin ar an inlíon gach bliain.<br>• Cuirtear oiliúint ar fáil do gach painéal agallaimh a chlúdaíonn na naoi bhfoirm idirdhealaithe agus cineálacha éagsúla claontachta. |

Chuir an Oifig a dtuairisceán alt 42 le haghaidh 2025 faoi bhráid an CÉCDC ar an 13 Feabhra 2026.